An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht ar chúrsa
i gColáiste Gaeilge

TUAIRISC

Coláiste na Mumhan
Béal Átha an Ghaorthaigh, Contae Chorcaí
Cód tagartha: CGM151

Dáta na cigireachta: 20 Meitheamh 2017

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

AN CHIGIREACHT

RÉAMHRÁ

Déanann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i líon áirithe de chúrsaí a sholáthraíonn coláistí Gaeilge gach bliain thar ceann na Roinne Cultúir, Oidreachta agus Gaeltachta. Eascraíonn an tuairisc ar an gcúrsa Gaeilge seo as breathnóireacht ar theagasc, foghlaim agus imeachtaí cultúrtha, as idirghníomhú le scoláirí agus comhphlé leis an mbainistíocht, agus as iniúchadh ar cháipéisíocht ábhartha.

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le trí mhór-réimse den soláthar agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar an choláiste i ngach réimse.

Tugadh deis do choiste stiúrtha an choláiste Gaeilge a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón gcoiste stiúrtha.

ACHOIMRE AR CHINNTÍ AGUS MOLTAÍ LE hAGHAIDH TUILLEADH FORBARTHA

Príomhchinntí

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama le moladh agus ba inmholta an bhéim láidir a chuir múinteoirí ar obair bheirte, obair ghrúpa agus cluichí teanga.
- Baineadh úsáid oiriúnach as an gcur chuige cumarsáideach i ranganna áirithe chun ábhar an cheachta a chur i láthair do na scoláirí ach tugadh faoi deara i gcuid de na ranganna nár cruthaíodh go leor deiseanna do na scoláirí an teanga nua-mhúinte a chleachtadh.
- Baineadh feidhm as cuspóirí foghlama idirdhealaithe agus cuireadh na ceachtanna in oiriúint d'ábaltacht na scoláirí i ranganna áirithe.
- Bhí cáilíocht eispéireas na scoláirí ar theanga agus cultúr na Gaeilge go maith, chomh maith leis na himeachtaí iarnóna éagsúla a eagraíodh a d'fhreastal ar raon spéise na scoláirí.
- Bhí cáilíocht bhainistíochta agus cheannaireachta an chúrsa go maith agus stiúir na príomhoidí obair laethúil an choláiste go héifeachtach.
- Tá obair leanúnach an choláiste maidir le féinmheastóireacht le moladh.

Príomh-mholtaí

- Ba chóir anois an dea-chleachtas maidir le deiseanna an teanga nua a chleachtadh mar ullmhúcháin do thascanna cumarsáide agus le roghnú cuspóirí foghlama idirdhealaithe a scaipeadh ar bhonn uile-choláiste.
- Ba chóir cruinnithe na múinteoirí a úsáid chun dea-chleachtais maidir le múineadh agus foghlaim i leith na Gaeilge i suíomh an choláiste Gaeilge a chur chun cinn agus a roinnt.

1. CÁILÍOCHT AN TEAGAISC AGUS NA FOGHLAMA

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama thar na ceachtanna a breathnaíodh le moladh. Ar mhaithe le forbairt an tsoláthair, b'fhiú anois na dea-chleachtais a breathnaíodh a scaipeadh ar bhonn uile-choláiste.

- Ba inmholta an bhéim láidir a chuir múinteoirí ar obair bheirte, obair ghrúpa agus ar chluichí teanga. Baineadh úsáid oiriúnach as an gcur chuige cumarsáideach i roinnt ranganna chun ábhar an cheachta a chur i láthair do na scoláirí. I ranganna eile, tugadh faoi deara nár cruthaíodh go leor deiseanna do na scoláirí an teanga nua-mhúinte a a chleachtadh mar ullmhúchán do na tascanna cumarsáide. Ba chóir am breise a chaitheamh ag cinntiú go dtuigeann scoláirí an teanga nua-mhúinte agus go bhfuil siad in ann í a úsáid go cruinn sula gcuirtear ag caint iad. Chuirfeadh sé go mór le tairbhe na gceachtanna.

- Baineadh feidhm as cuspóirí foghlama idirdhealaithe agus cuireadh na ceachtanna in oiriúint d'ábaltacht na scoláirí i ranganna áirithe. Ba chóir anois an dea-chleachtas seo a scaipeadh ar bhonn uile-choláiste agus tús áite a thabhairt do chumas cainte agus riachtanais teanga gach scoláire a chur chun cinn. Moladh chomh maith go laghdófaí méid na scríbhneoireachta a bhí le déanamh ag scoláirí i ranganna áirithe i rith na gceachtanna. Is fiú do na múinteoirí leas a bhaint as acmhainní agus as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide chun é seo a sheachaint.

- Tuairiscíodh gur deineadh measúnú leanúnach ar dhul chun cinn na scoláirí agus go gcuirtear tuairisc abhaile ag an deireadh chuig na tuismitheoirí. Bhí éagsúlacht chleachtais don mheasúnú ar siúl i measc na múinteoirí, áfach. B'fhiú anois na dea-chleachtais mheasúnaithe a leathnú agus córas níos soiléire a chur i bhfeidhm.

- Cabhair mhór don fhoghlaim ab ea í gur roinn cuid de na múinteoirí na cuspóirí foghlama leis na scoláirí ag tús an cheachta. B'fhiú na dea-chleachtais seo a leathnú amach. Bhí caighdeán measartha ar an iomlán ag baint le cailíocht an ullmhúcháin le haghaidh teagaisc. Tá teimpléad pleanála inmholta deartha ag an mbainistíocht a léiríonn cuspóirí teagaisc, ábhar an cheachta, feidhmeanna teanga agus modhanna múinte, chomh maith le difreálú agus leis na hacmhainní a úsáidtear. Moltar anois go mbeadh sé seo in úsáid agus ar fáil ag gach múinteoir go laethúil.

- Ar mhaithe le húsáid forleathan na struchtúr nua-shealbhaithe a spreagadh i ngnáthchomhrá na scoláirí, b'fhiú cuid de na frásaí agus na nathanna atá foghlamtha acu a chur ar taispeáint mórthimpeall an tseomra ranga ionas gur féidir leo tagairt a dhéanamh dóibh go leanúnach. Chabhródh sé seo le timpeallacht spreagúil i leith na teanga a chruthú sna seomraí ranga chomh maith.

2. CÁILÍOCHT EISPÉIREAS NA SCOLÁIRÍ AR THEANGA AGUS CULTÚR NA GAEILGE

- Bhí cáilíocht eispéireas na scoláirí ar theanga agus cultúr na Gaeilge go maith.

- Bhain cáilíocht mhaith leis na himeachtaí iarnóna éagsúla a eagraíodh agus d'fhreastal siad ar raon spéise na scoláirí. Ar lá na cigireachta, eagraíodh raon leathan cluichí, eitpheil agus cispheil ina measc. Chuaigh na scoláirí ag snámh agus is léir gur bhain siad sult as an uisce. Tuairiscíodh go mbíonn ceol, amhránaíocht, rince agus cluichí faoi dhíon ar siúl ar laethanta eile. Rinneadh iarracht mhaith an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga na n-imeachtaí seo agus bhí Gaeilge le cloisteáil ag na cúirteanna agus ag

an linn snámha. Chabhraigh na hard-cinnirí go mór le heagrú na n-imeachtaí seo agus leis na scoláirí a spreagadh chun Gaeilge a labhairt. Múineadh na frásaí cuí do na scoláirí sna ranganna. Tuairiscíodh le linn an chruinnithe leis an bhfócas-ghrúpa de scoláirí go raibh siad sásta leis na gníomhaíochtaí agus an éagsúlacht a bhí ar fáil, agus gur bhain siad taitneamh ar leith astu , go háirithe an céilí agus an snámh.

3. CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHTA AGUS NA BAINISTÍOCHTA

- Bhí cáilíocht bhainistíochta agus cheannaireachta an chúrsa go maith. Stiúir na príomhoidí obair laethúil an choláiste go héifeachtach agus ba léir go raibh caidreamh láidir oibre idir an bheirt acu. Bhí caidreamh dearfach idir an fhoireann agus na scoláirí chomh maith. Tugadh cártaí agus duaiseanna amach mar spreagadh do na scoláirí an Ghaeilge a labhairt.

- Eagraíodh cruinnithe do mhúinteoirí agus cinnirí ag tús an chúrsa chun obair an choláiste a phlé. Moltar anois an deis seo a úsáid chun dea-chleachtais maidir le múineadh agus foghlaim i leith na Gaeilge i suíomh an choláiste Gaeilge a chur chun cinn agus a roinnt. Is fiú chomh maith dea-chleachtais a phlé ar bhonn rialta i rith an chúrsa.

- Bhí cáilíocht na pleanála don chúrsa ag leibhéal na bainistíochta go maith. Tá *An Clár Teagaisc* deartha ag Coláiste na Mumhan le treoir a chur ar fáil do mhúinteoirí agus tháinig plean an chúrsa as. Ba chóir dul tríd an leabhar seo le múinteoirí nua ach go háirithe chun cuir chuige éifeachtacha a phlé. D'fhéadfaí cur leis go leanúnach chun dea-chleachtais a chur chun cinn.

- Tá obair leanúnach an choláiste maidir le féinmheastóireacht le moladh. Tugadh ceistneoirí do scoláirí ag deireadh an chúrsa agus cuireadh seans ar fáil do thuismitheoirí ceistneoir a líonadh ar an idirlíon. Deineadh anailís fhiúntach ar na ceistneoirí seo agus úsáideadh an t-eolas chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar ghnéithe éagsúla d'obair an choláiste.

- Deimhníodh go raibh plean an choláiste don chúrsa Gaeilge ar fáil.

- Thug údaráis an chúrsa Gaeilge deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag coiste stiúrtha an choláiste le polasaí maidir le caomhnú leanaí, faoi mar a éilíonn na forálacha i *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2011), agus go bhfuil cleachtas an chúrsa Gaeilge ag teacht lena n-éilítear faoi *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2011)

- Deimhníodh go raibh cóip den ráiteas sláintíochta agus slándála, cód iompraíochta agus polasaí frithbhulaíochta ar fáil. Bhí oifigeach sláinteachais agus slándála cláraithe i bplean an choláiste don chúrsa Gaeilge.

- Bhí na seomraí ranga oiriúnach don fhormhór chun suíomh foghlama teanga a chruthú, cé go raibh deacrachtaí ó thaobh fothraim de sna seomraí a cruthaíodh sa halla, mar gheall ar an spiara sealadach. D'ullmhaigh cuid de na múinteoirí áiseanna tairbheacha mar thacaíocht do na gníomhaíochtaí sa seomra ranga. Dúradh go raibh áiseanna teicneolaíochta ar fáil do mhúinteoirí agus gur tugadh moladh dóibh iad a úsáid. Ní raibh a n-úsáid le feiceáil ar ócáid na cuairte. B'fhiú leas a bhaint astu chun scoláirí a spreagadh i rith na ceachtanna.

- Ghlac foireann uile an choláiste páirt i maoirseacht na scoláirí. Deineadh athbhreithniú ar structúr an lae do na scoláirí agus bhí am ar leith acu chun dul chuig an siopa áitiúil faoi mhaoirseacht na gcinnirí. Dáileadh na scoláirí go cuí ar na ranganna, bunaithe ar aoisghrúpa agus an bhliain ina raibh siad ar scoil. Bhí formhór de na scoláirí ag dul isteach sa dara nó sa triú bhliain sa mheánscoil.

- Deineadh moladh i dtuairisc na cigireachta deiridh go mbeadh athbhreithniú déanta ar an méid saoirse a thugtar do na scoláirí i rith an lae. Tá dul chun cinn déanta an moladh seo a chur i gcrích le structúr nua ar chlár an lae do na scoláirí agus maoirseacht níos fearr nuair atá siad taobh amuigh den choláiste. Moladh chomh maith díriú ar riachtanais teanga agus cumais éagsúla na scoláirí i ranganna áirithe. Tá dul chun cinn áirithe déanta ag cuid de na múinteoirí ach b'fhiú é seo a phlé ar bhonn leanúnach leis na múinteoirí chun dea-chleachtais a roinnt.

Foilsithe Mí na Samhna 2017

CONTANAM CÁILÍOCHTA NA CIGIREACHTA

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa choláiste Gaeilge agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a mbaineann cigirí feidhm aisti nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar an choláiste i gcás gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear ***An-mhaith*** áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo bíonn an cháilíocht ar a ndearnadh meastóireacht thar cionn agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeáin soláthair.	***An-mhaith;*** ar cháilíocht an-ard; an-éifeachtach; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas***:*** thar cionn; ar shárchaighdeán, le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr
Go maith	Úsáidtear ***Go maith*** áit ina bhfuil níos mó láidreachtai sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh leis an gcaighdeán *an-mhaith* a bhaint amach.	***Go maith;*** cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear ***Sásúil*** áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá díreach níos mó láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian leis na taithí foghlama agus ba chóir dul i ngleic leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	***Sásúil;*** sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear ***Measartha*** áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann ná láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	***Measartha***, laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na scoláirí; gan a bheith chomh sásúil sin; deacrachtaí ann; níor mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear ***Lag*** áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	**Lag;** míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; forbairt nó feabhas atá suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann